

Tuarascáil Bhliantúil de Bhinse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013

(De bhun Alt 57AW d'Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhís Airgeadais na hÉireann (Acht an Bhainc Ceannais 2003))

1. Bunaíodh Binse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (BASAÉ) de bhun Acht an Bhainc Ceannais 2003. D'ainmnigh an Rialtas seachtar comhalta ar BASAÉ agus rinne Uachtarán na hÉireann iad a cheapadh.
2. D'éag téarma oifige Chomhaltaí an Bhinse i rith na bliana agus cheap an tUachtarán, Feidhmeannaigh an Bhinse athuir. Is iad sin: Francis D. Murphy, iarBhreitheamh ón gCúirt Uachtarach, an Cathaoirleach; agus Inge Clissmann, Abhchóide Sinsearach, an LeasChathaoirleach. Is iad seo a leanas Comhaltaí eile an Bhinse: Geraldine Clarke, iarchomhalta an Bhinse, Helen Collins, Teresa Pilkington, Conor Power agus Paul Brennan. Leanfaidh téarma oifige na gComhaltaí go ceann cúig bliana.
3. Is í Treasa Kelly B.L. atá mar Chláraritheoir ar BASAÉ.
4. Tá oifigí BASAÉ suite ag Teach Freidiric, 19 Sráid Freidiric Theas, Baile Átha Cliath 2. Teileafóin: 01 6350040; Faics: 01 6350249; Suíomh gréasáin: www.ifsat.ie agus Seoladh Ríomhphoist: Registrar@IFSAT.ie
5. Is comhlacht gar-bhreithiúnach é BASAÉ le cumhachtaí reachtúla chun éisteacht agus dearbhú a dhéanamh ar achomhairc ar chinntí áirithe a thugann an Banc Ceannais, (ar chinntí inachomhairc iad faoi bhrí Alt 11 d'Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhís Airgeadais na hÉireann 2004)
Ainmníonn an Cathaoirleach triúr comhalta ar an mBinse ar mhaithe le achomharc ar leith a éisteacht. Le linn achomharc a éisteacht, féadfaidh an Binse cinneadh a dhaingniú,

a athrú, a mhalartú nó a tharchur chuig an mBanc Ceannais. Tá fáil ar chinntí scríofa an Bhinse ar an suíomh gréasáin.

6. Cuireadh dhá Fhógra Achomhairc faoi bhráid BASAÉ i rith na bliana 2013.
7. Bhain an chéad achomharc a cuireadh faoi bhráid an Bhinse le Frank White v. Banc Ceannais na hÉireann Uimhir Taifid 010/2013.
 - a) Ar an 11 Meán Fómhair 2013 thug Mr White Fógra Achomhairc do BASAÉ ó chinneadh an Bhainc Ceannais ón dáta 13 Lúnasa 2012 a chuir ‘Ordú Speisialta Bainistíochta’ ar Chomhar Creidmheasa Dhroichid Nua faoi Airteagal 6 Alt 56 d’Acht an Bhainc Ceannais agus Institiúidí Creidmheasa (Réiteach) 2011 (Acht 2011).
 - b) D’ainmnigh an Cathaoirleach Inge Clissman agus Geraldine Clarke chun suí ar an mbinse éisteachta leis agus an achomharc a éisteacht.
 - c) Thug an Banc Ceannais a Fhreagra ar Achomharc ar an 7 Deireadh Fómhair 2013 agus ag diúltú foras achomhairc Mr. White, mhaígh an Banc nárbh Cinneadh Inachomhairc é ceapachán an Bhainisteora Speisialta.
 - d) Thug Mr. White a Fhreagra ar Fhreagra an Bhainc Ceannais ag maíomh go raibh Acht 2011 míbhunreachtúil.
 - e) Achomharc fíorghoilliúnach agus práinneach a bhí ann do na páirtithe agus thug an Binse suntas do dhá shaincheist a bhí le réiteach mar réamhábhar ag an Éisteacht Treorach agus cuireadh na páirtithe ar an eolas fúthu seo.

- f) D'éist an Binse leis an réamhcheist ar 15 Samhain 2013.
 - g) Dhiúltaigh an Binse don Achomharc agus fuarthas nárbh Cinneadh Inachomhairc é ceapachán an Bhainisteora Speisialta.
 - h) Tá cinneadh an BASAÉ ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhinse - tagairt 010/2013 Frank White v. Central Bank of Ireland.
8. B'é Frederick Collins T/M Westgate Finance a chuir an dara Fógra Achomhairc faoi bhráid an Bhinse ar 21 Lúnasa 2013. Tá Mr. Collins ag déanamh achomhairc ar chinneadh an Bhainc Ceannais ón dáta 30 Iúil 2013 ag cúlghair a cheadúnas iasachtóra airgid de bhun Alt 93(11) d'Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí 1995.
9. Éisteadh an réamhéisteacht ar an 28 Eanáir 2014 agus tá cinneadh an Bhinse á choimeád.
10. Tá sé tugtha faoi deara thar na blianta, nach féidir líon na n-achomharc a thiocfaidh os comhair an Bhinse in aon bhliain amháin a mheas go cruinn. Chuaigh an Cláraitheoir i gcomhairle le Rannóg Dlí agus Rannóg Forfheidhmithe an Bhainc Ceannais nuair a bhí Buiséad na bliana 2014 á leagan amach.
11. Tháinig Alt 14 d'Acht um Chomhar Creidmheasa agus Comhoibriú le Rialálaithe Coigríche 2012 i bhfeidhm ar an 1 Lúnasa 2013 a rianaíonn cinntí breise ón mBanc Ceannais a bheith ina gCinntí Inachomhairc.
12. Tá na cuntais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 ar fáil le seo.

Francis D. Murphy

Cathaoirleach

20 Márta 2014

Binse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann
Cuntas ioncaim agus caiteachais don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2013

Ioncam	2013	2012
	€	€
Cistí a sholáthar an Banc Ceannais	80,000	100,000
Caiteachas		
Costais éisteachta		
Táillí Painéal	0	6,806
Gearrscríobhaí	0	2,274
Slándáil	0	0
Costais riaracháin		
Táillí feidhmiúcháin	73,551	56,798
Táillí dlíthiúla agus gairmiúla	0	538
Cuntasaíocht	3,812	4,106
Stáiseanóireacht, priontáil & cumarsáid	728	460
Taisteal, cothabháil & ceaintín	233	480
Táillí bainc	33	63
Eile	575	700
Caiteachas iomlán	78,932	72,223
(Easnamh) Barrachas ioncaim de bhreis ar chaiteachas	1,068	
27,777		

Áirítear táillí Feidhmiúcháin an Chathaoirligh ar an mbonn go raibh sé ar fáil do ghnóthaí an Bhinse ar feadh lá amháin sa mhí.

Cláraitheoir

Deimhnímid leis seo gur chruthaigh an Cláráitheoir leabhair agus taifid de réir ár gcomhairle agus go bhfuil siad á riaradh againn. Deimhnímid go bhfuil na cuntais thuas bunaithe ar na leabhair agus na taifid chéanna agus go dtugann siad ráiteas cruinn d'ioncam agus caiteachas an Bhinse Achomhairc don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2013.

Spain McQuillan
Chartered Accountants & Registered Auditors